C/2024/3822

19.6.2024

Rún ó Thionól Parlaiminteach Euronest maidir le tionchar eacnamaíoch chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus ar Chomharsanacht an Oirthir arna ghlacadh an 20 Márta 2024

(C/2024/3822)

TÁ TIONÓL PARLAIMINTEACH EURONEST,

— ag féachaint do Ghníomh Bunaíochta Thionól Parlaiminteach Euronest an 3 Bealtaine 2011 agus don Dearbhú Comhpháirteach ó Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir an 24 Samhain 2017,

— ag féachaint don Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeoirsia, den pháirt eile ([1]), go háirithe an Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála,

— ag féachaint don Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Moldóive, den pháirt eile ([2]), go háirithe an Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála,

— ag féachaint don Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Úcráin, den pháirt eile ([3]), agus go háirithe an Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála,

— ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe (CEPA) idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach d'Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit de pháirt amháin, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile ([4]),

— ag féachaint do Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair an 22 Aibreán 1996 idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na hAsarbaiseáine, den pháirt eile ([5]),

— ag féachaint do rún uaithi an 21 Feabhra 2023 maidir leis an aistriú chuig fuinneamh glas mar fhreagairt ar na dúshláin slándála fuinnimh atá ann faoi láthair i gComhpháirtíocht an Oirthir i gcomhthéacs chogadh foghach agus fhorghabháil na Rúise ([6]),

— ag féachaint don chlár oibre athnuaite le haghaidh téarnaimh, athléimneachta agus athchóirithe a bhfuil plean eacnamaíoch agus infheistíochta do Chomhpháirtíocht an Oirthir mar bhonn taca leis,

— ag féachaint do chlár ilbhliantúil táscach 2021-2027 do Chomharsanacht an Oirthir,

— ag féachaint do na hiarratais ar bhallraíocht AE ón Úcráin agus ón Moldóiv an 28 Feabhra 2022 agus an 3 Márta 2022 faoi seach, agus don chinneadh ina dhiaidh sin ón gComhairle Eorpach an 23 Meitheamh 2022 chun stádas mar iarrthóir a thabhairt dóibh,

— ag féachaint d'iarratas na Seoirsia ar bhallraíocht AE an 3 Márta 2022 agus don chinneadh ina dhiaidh sin ón gComhairle Eorpach an 23 Meitheamh 2022 chun a peirspictíocht Eorpach a aithint,

— ag féachaint don chinneadh ón gComhairle Eorpach an 14-15 Nollaig 2023 tús a chur le caibidlíochtaí aontachais leis an Úcráin agus leis an Moldóiv, agus stádas mar thír is iarrthóir a thabhairt don tSeoirsia,

— ag féachaint do Dhearbhú Réigiúin agus Chathracha an Aontais Eorpaigh an 3 Márta 2022 maidir le Dlúthpháirtíocht leis an Úcráin,

([1]) IO L 261, 30.8.2014, lch. 4.
([2]) IO L 260, 30.8.2014, lch. 4.
([3]) IO L 161, 29.5.2014, lch. 3.
([4]) IO L 23, 26.1.2018, lch. 4.
([5]) IO L 246, 17.9.1999, lch. 3.
([6]) IO C 229, 29.6.2023, lch. 16.

— ag féachaint do rún ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 24 Márta 2022 maidir leis an gcogadh san Úcráin agus a thionchar eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaoil ([7]) agus do rún an 16 Meitheamh 2022 maidir leis 'an Úcráin — ón bhfóirithint go dtí an atógáil — tograí ó shochaí shibhialta na hEorpa' ([8]),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Márta 2022 dar teideal 'Dlúthpháirtíocht na hEorpa le dídeanaithe agus leo siúd atá ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin' (COM(2022)0107),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 18 Bealtaine 2022 maidir le fóirithint agus atógáil na hÚcráine (COM(2022)0233),

— ag féachaint do mholadh uaithi an 23 Samhain 2022 chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ard-Ionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le straitéis nua AE don mhéadú ([9]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2463 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macra-airgeadais +) ([10]),

— ag féachaint don ráiteas comhpháirteach ó Uachtarán na Comhairle Eorpaí, ó Uachtarán an Choimisiúin agus ó Uachtarán na hÚcráine a glacadh ag an 24ú Cruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin an 3 Feabhra 2023 i gCív,

— ag féachaint don Tríú Mearmheasúnú ar Dhamáiste agus ar Riachtanais na hÚcráine an 14 Feabhra 2024, a d'ullmhaigh Rialtas na hÚcráine, an Coimisiún, an Banc Domhanda agus na Náisiúin Aontaithe go comhpháirteach,

— ag féachaint do rúin uaithi an 23 Feabhra 2023 maidir le fogha armtha Chónaidhm na Rúise i gcoinne na hÚcráine ([11]), rún an 21 Feabhra 2023 maidir leis an tábhacht straitéiseach a bhaineann le tús a chur le caibidlíocht aontachais AE leis an Úcráin agus leis an Moldóiv ([12]) agus rún an 21 Feabhra 2023 maidir le tacú le conair na hÚcráine, na Moldóive agus na Seoirsia i dtreo ballraíocht AE ([13]),

— ag féachaint do rún ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Deireadh Fómhair 2022 ar an ngéarú ar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ([14]),

— ag féachaint do Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 16 Feabhra 2023 maidir le bliain amháin a bheith caite ó chuir an Rúis tús lena hionradh agus cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine ([15]),

— ag féachaint do rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Meitheamh 2023 maidir le hatógáil inbhuanaithe agus lánpháirtiú na hÚcráine sa chomhphobal Eora-Atlantach ([16]),

— ag féachaint do communiqué ó Chruinniú Mullaigh ECAT Vilnias an 11 Iúil 2023,

— ag féachaint do ráitis cheannairí G7 an 27 Meitheamh 2022 agus an 19 Bealtaine 2023 maidir leis an Úcráin,

— ag féachaint don toradh a bhí ar Chomhdháil na Saineolaithe Idirnáisiúnta maidir le Téarnamh, Atógáil agus Nuachóiriú na hÚcráine, a reáchtáladh i mBeirlín an 25 Deireadh Fómhair 2022,

— ag féachaint do chonclúidí Chomhdháil Téarnaimh na hÚcráine a tionóladh in Lugano an 4 Iúil agus an 5 Iúil 2022, go háirithe na seacht 'Prionsabal Lugano', arb iad na treoirphrionsabail iad don phróiseas téarnaimh san Úcráin,

([7]) IO C 290, 29.7.2022, lch. 1.
([8]) IO C 365, 23.9.2022, lch. 1.
([9]) IO C 167, 11.5.2023, lch. 105.
([10]) IO L 322, 16.12.2022, lch. 1.
([11]) IO C 229, 29.6.2023, lch. 30.
([12]) IO C 229, 29.6.2023, lch. 29.
([13]) IO C 229, 29.6.2023, lch. 33.
([14]) IO C 132, 14.4.2023, lch. 94.
([15]) IO C 283, 11.8.2023, lch. 34.
([16]) IO C, C/2024/490, 23.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/490/oj.

— ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle Eorpach an 30 Bealtaine 2022 maidir leis an Úcráin, inar formhuiníodh an smaoineamh maidir le hardán atógála don Úcráin lena dtabharfaí le chéile Rialtas na hÚcráine, an tAontas Eorpach, a Bhallstáit agus an Banc Eorpach Infheistíochta, chomh maith le comhpháirtithe idirnáisiúnta, institiúidí airgeadais, eagraíochtaí, saineolaithe agus páirtithe leasmhara,

— ag féachaint do chonclúidí Chomhdháil Téarnaimh na hÚcráine a tionóladh i Londain an 21 agus an 22 Meitheamh 2023,

— ag féachaint do rún ó Pharlaimint na hEorpa an 5 Deireadh Fómhair 2023 maidir le breithniú a dhéanamh ar chonair na Moldóive chuig AE ([17]),

— ag féachaint do phlean téarnaimh agus forbartha na hÚcráine 2022-2032,

A. de bhrí go bhfuil cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine gan chúis, gan údar agus neamhdhleathach á chomhrac ag an Rúis faoi láthair, rud ba chúis leis an Úcráin rochtain a chailleadh ar mhargaí airgeadais agus a bhfuil laghdú suntasach ar a hioncam poiblí mar thoradh air; de bhrí gur mhéadaigh an Úcráin go mór a caiteachas poiblí chun a críoch cheannasach a chosaint, chun aghaidh a thabhairt ar an staid dhaonnúil agus chun leanúnachas seirbhísí stáit a choinneáil ar bun;

B. de bhrí, sa bhreis ar chailliúint thragóideach na ndaoine, go dtagann ardú ó lá go lá ar an gcostas airgeadais a bhaineann le tacú le hathléimneacht, téarnamh agus atógáil na hÚcráine, de réir mar a leanann fórsaí na Rúise agus a seachionadaithe d'ionsaithe neamh-idirdhealaitheacha agus mailíseacha a dhéanamh ar limistéir chónaithe agus ar bhonneagar sibhialtach, lena n-áirítear ospidéil, tithe agus scoileanna; de bhrí gur sampla amháin é an léirscrios a rinne an Rúis ar Kakhovka Dam i ngníomh sceimhlitheoireachta an 6 Meitheamh 2023;

C. de bhrí go bhfuil impleachtaí ollmhóra slándála agus eacnamaíocha ag cogadh foghach na Rúise do na tíortha uile i gComhpháirtíocht an Oirthir (EaP) de chuid AE, go háirithe an Mholdóiv, a bhfuil a geilleagar buailte go dona ag cailleadh trádála, laghdú ar infheistíocht choigríche agus méadú ar phraghsanna fuinnimh agus iompair;

D. de bhrí, ó thosaigh an cogadh foghach seo, go bhfuil tacaíocht shuntasach dhaonnúil, airgeadais agus theicniúil á cur ar fáil ag an Aontais, ag a Bhallstáit agus ag comhpháirtithe atá ar aon intinn leo don Úcráin, chomh maith le tacaíocht mhíleata, a bhfuil géarghá léi chun cabhrú leis an Úcráin a ceart dlisteanach chun í féin a chosaint ar ionróirí na Rúise a fheidhmiú;

E. de bhrí gur measadh sa tríú Mearmheasúnú ar Dhamáiste agus ar Riachtanais, a dhréachtaigh Rialtas na hÚcráine, an Coimisiún, Grúpa an Bhainc Dhomhanda agus na Náisiúin Aontaithe agus a foilsíodh an 14 Feabhra 2024, gurbh ionann an costas a bhaineann le tacú le hatógáil agus téarnamh na hÚcráine agus USD 486 bhilliún sna deich mbliana amach romhainn;

F. de bhrí gur seoladh an tArdán Ilghníomhaireachtaí Comhordaithe Deontóirí don Úcráin an 26 Eanáir 2023, inar tugadh le chéile saineolaithe ón Úcráin, ón Aontas Eorpach, ó thíortha G7, ón mBanc Eorpach Infheistíochta, ón mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha, ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus ón mBanc Domhanda, chun bheith mar spreagadh chun na gealltanais idirnáisiúnta is gá a shlógadh chun freagairt do riachtanais na hÚcráine;

G. de bhrí, le chéile, gurbh ionann gealltanais Fhoireann na hEorpa don Úcráin a thug institiúidí AE, an Banc Eorpach Infheistíochta agus Ballstáit AE agus EUR 132 bhilliún ó mhí Iúil 2023;

H. de bhrí go bhfuil plean téarnaimh agus forbartha údaráis na hÚcráine 2022-2032 mar bhonn agus mar thaca lena dtiomantas dá dtír a atógáil agus a nuachóiriú agus d'athchóirithe lánpháirtíochta AE a chur chun feidhme;

I. de bhrí go gcuirfear deis ar fáil le hatógáil na hÚcráine chun dlús a chur leis an aistriú digiteach agus leis an aistriú glas araon sa tír, lena n-áirítear trí cheannasacht fuinnimh agus neamhspleáchas ó sholáthairtí Rúiseacha a fhorbairt, agus ar an gcaoi sin 'atógáil ar bhealach níos fearr' seachas díreach bonneagar a scriosadh nó a atáirgeadh a athbhunú nó a atáirgeadh;

J. de bhrí go bhfuil ualach suntasach eacnamaíoch ar Bhallstáit AE agus ar thíortha comharsanachta, go háirithe an Mholdóiv, a chuir iompar nó dídean ar fáil do na milliúin Úcránach a raibh orthu a dtithe a fhágáil mar gheall ar bhoilsciú méadaitheach agus, go háirithe, ardú mear ar phraghsanna bia agus fuinnimh;

([17]) IO C, C/2024/1189, 23.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/1189/oj.

K. de bhrí gur chuidigh an Treoir um Chosaint Shealadach ([18]) le lánpháirtiú dídeanaithe ón Úcráin in AE a éascú trí chead cónaithe agus rochtain ar fhostaíocht, ar leas sóisialta, ar chúram leighis agus ar chóiríocht nó tithíocht oiriúnach a chur ar fáil dóibh;

L. de bhrí go bhfuil an tSaoráid don Úcráin do 2024-2027 á cur chun feidhme ag AE anois, lena n-áirítear EUR 50 billiún de dheontais agus d'iasachtaí araon; de bhrí go bhfuil an cistiú sin sa bhreis ar an EUR 85 bhilliún de thacaíocht, lena n-áirítear cabhair mhíleata, a cuireadh ar fáil don Úcráin roimhe sin; de bhrí go meastar go ngeallfar acmhainní breise faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta — An Eoraip Dhomhanda agus faoin Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais III, go háirithe don chabhair dhaonnúil;

M. de bhrí go mbeidh slándáil fuinnimh a áirithiú agus dlús a chur leis an aistriú glas don Úcráin, do thíortha eile Chomhpháirtíocht an Oirthir agus don Aontas fós ina bpríomhthosaíocht sna blianta amach romhainn; de bhrí gur sínitheoirí le Comhaontú Pháras iad tíortha uile Chomhpháirtíocht an Oirthir agus go bhfuil ailíniú le *acquis* comhshaoil AE ríthábhachtach do thíortha is iarrthóirí AE;

N. de bhrí gur cuireadh measúnú cuimsitheach agus dearfach ar fáil i dtuarascáil ón gCoimisiún an 2 Feabhra 2023 maidir le hailíniú na hÚcráine le *acquis* AE ar dhul chun cinn na hÚcráine i dtreo na hathchóirithe is gá a thabhairt chun críche, rud a chuireann a mianta maidir le ballraíocht AE chun cinn tuilleadh;

O. de bhrí gur cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht idir AE agus tíortha is iarrthóirí na hÚcráine agus na Moldóive a luaithe is féidir, tar éis chinneadh dearfach na Comhairle Eorpaí chuige sin an 14 Nollaig 2023;

Breithnithe ginearálta maidir le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine

1. ag cáineadh go láidir cogadh foghach brúidiúil, neamhdhleathach agus gan údar na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ina bhfuil réimeas neamhdhlisteanach na Bealarúise agus a ceannaire Alexander Lukashenko casta; ag éileamh ar an Rúis deireadh a chur láithreach le gach gníomhaíocht mhíleata san Úcráin agus na fórsaí agus an trealamh míleata ar fad a tharraingt siar gan choinníoll ó chríoch iomlán na hÚcráine atá aitheanta go hidirnáisiúnta;

2. ag cur béim ar an bhfíoras go sáraíonn an cogadh foghach sin an dlí idirnáisiúnta, go gcuireann sé slándáil agus cobhsaíocht na hEorpa i mbaol agus gur spreag sé géarchéim dhomhanda bia a bhfuil tionchar aici go príomha ar thíortha i mbéal forbartha agus ar na tíortha is lú forbairt, a bhfuil freagracht iomlán ar an Rúis agus ar réimeas neamhdhlisteanach na Bealarúise agus ar a ceannaire Alexander Lukashenko ina leith; á chur i bhfáth, mar gheall ar a rannpháirtíocht dhíreach, gur cheart réimeas neamhdhlisteanach na Bealarúise a thabhairt chun cuntais trí smachtbhannaí Eorpacha eacnamaíocha agus spriocdhírithe a chur i bhfeidhm;

3. á chur in iúl go bhfuil sí ag seasamh i ndlúthpháirtíocht iomlán le muintir na hÚcráine; ag tacú go hiomlán le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta, agus á chur i bhfios go láidir gur sárú tromchúiseach ar an dlí idirnáisiúnta é an cogadh seo; ag tabhairt ómós do mhisneach agus d'athléimneacht mhuintir na hÚcráine agus do fhórsaí armtha na tíre, atá ag cosaint a dtír dhúchais agus a gcríoch cheannasach ar ionróirí Rúiseacha;

4. á iarraidh ar an Aontas Eorpach, ar a Bhallstáit agus ar a gcomhpháirtithe atá ar aon intinn leo tacú leis an Úcráin ina cosaint i gcoinne chogadh foghach neamhdhleathach na Rúise le tacaíocht dhaonnúil, airgeadais agus mhíleata leanúnach a chur ar fáil agus trí sheasamh leis an Úcráin a fhad is gá chun a neamhspleáchas, a ceannasacht agus a smacht iomlán ar a críoch iomlán atá aitheanta go hidirnáisiúnta a bhaint amach;

5. á chur in iúl gur geal léi an cinneadh a rinne roinnt cuideachtaí Eorpacha tarraingt siar ó mhargadh na Rúise agus ag spreagadh cuideachtaí eile amhlaidh a dhéanamh agus luachanna a chur os cionn an leasa eacnamaíoch;

([18]) Treoir 2001/55/CE ón gComhairle an 20 Iúil 2001 maidir le caighdeáin íosta chun cosaint shealadach a thabhairt i gcás mórphlódú daoine easáitithe agus maidir le bearta lena gcuirtear cothromaíocht iarrachtaí chun cinn idir na Ballstáit i dtaca leis na daoine sin a ghlacadh agus le hiarmhairtí an ghlactha sin a iompar (IO L 212, 7.8.2001, lch. 12).

Iarmhairtí eacnamaíocha don Aontas Eorpach, dá Bhallstáit agus do thíortha eile

6. á áitiú gur cheart go mbeadh na hiarrachtaí téarnaimh agus atógála cogaidh, chomh maith le hiarrachtaí gaolmhara eile, i gcomhréir leis an dá aistriú glasa agus digiteacha i mBallstáit AE;

7. á iarraidh ar institiúidí AE agus ar na Ballstáit feabhas a chur ar thrédhearcacht an mhargaidh agus deireadh sealadach a chur leis na bacainní uile ar allmhairiú táirgí talmhaíochta chun an ghéarchéim dhomhanda maidir le praghsanna bia a mhaolú;

8. á chur i bhfáth nach leor NextGenerationEU, an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus an tsolúbthacht a thugtar faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 chun na riachtanais airgeadais a eascraíonn as an gcogadh san Úcráin a chumhdach; á mholadh teagmháil a dhéanamh le comhpháirtithe idirnáisiúnta chun tacaíocht a fháil, lena n-áirítear saineolas atógála;

9. ag tacú leis na hiarrachtaí a rinneadh trí úsáid a bhaint as 'lánaí dlúthpháirtíochta' chun onnmhairí gráin ón Úcráin a éascú trí bhealaí éagsúla talún agus trí chalafoirt an Aontais, in ainneoin imshuí neamhdhleathach na Rúise ar an Muir Dhubh; á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit na lánaí dlúthpháirtíochta sin a leathnú tuilleadh, d'fhonn an ghéarchéim dhomhanda bia a mhaolú mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise;

10. á chur i bhfios go láidir go bhfuil géarghá le rannpháirtíocht réamhghníomhach sa pholaitíocht ar fud an domhain, go háirithe ag na Náisiúin Aontaithe agus ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, de réir mar a leanann an Rúis de bheith ag lorg asraonta margaidh eile chun caillteanais de dheasca na smachtbhannaí a forchuireadh a chúiteamh;

11. á chur in iúl gur mór aici an chabhair dhaonnúil a chuir tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir ar fáil don Úcráin agus á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit níos mó tacaíochta airgeadais a thabhairt do stáit chomharsanachta;

12. á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit níos mó tacaíochta eacnamaíche agus airgeadais a chur ar fáil chun éifeachtaí diúltacha an chogaidh idir an Rúis agus an Úcráin ar gheilleagair thíortha eile Chomhpháirtíocht an Oirthir a íoslaghdú;

13. á iarraidh ar AE agus ar a Bhallstáit níos mó clár um chúnaimh teicniúil a chur ar fáil do thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir chun a n-acmhainneacht onnmhairithe inbhuanaithe chuig AE a neartú;

Dídeanaithe

14. ag tabhairt dá haire gur cuireadh iallach ar níos mó ná 8 milliún Úcránach a dtithe a fhágáil chun dídean a lorg in áiteanna níos sábháilte ar fud na hEorpa agus go bhfuil os cionn 6.2 milliún Úcránach easáitithe ina dtír féin de bharr an chogaidh;

15. á thabhairt chun suntais na costais shuntasacha airgeadais a d'eascair as an insreabhadh sin, go háirithe don Mholdóiv, atá anois ina príomhthír idirthurais do dhídeanaithe ón Úcráin; ag tabhairt dá haire gurb ionann dídeanaithe ón Úcráin agus 0.7 % den daonra atá ina gcónaí sa tSeoirsia faoi láthair;

16. á chur in iúl gur geal léi an cur chuige gníomhach agus daonnúil atá glactha ag Ballstáit AE agus ag an Moldóiv, ós rud é gur choinnigh siad a dteorainneacha oscailte agus gur chuir siad modhanna aslonnaithe, dídine, cúnaimh éigeandála, cúnaimh leighis agus tearmainn ar fáil do dhaoine atá ar a dteitheadh ó chogadh foghach na Rúise;

17. á iarraidh go dtabharfaí cearta comhionanna do dhídeanaithe ón Úcráin le saoránaigh AE maidir le rochtain a fháil ar chúram sláinte, ar oideachas agus ar mhargadh an tsaothair, atá ríthábhachtach chun méaduithe ar bhochtaineacht i measc na ndídeanaithe sin a chosc;

18. á iarraidh go mbeadh tionscnaimh oideachais agus cláir ann do leanaí agus do dhaoine óga ón Úcráin a easáitíodh, lena n-áirítear rochtain ar oideachas ardcháilíochta agus ar oiliúint teanga agus scileanna a chur ar fáil;

19. á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról lárnach ag an tsochaí shibhialta maidir le dídeanaithe ó ghrúpaí leochaileacha a chosaint agus a lánpháirtiú, go háirithe i margadh an tsaothair;

20. á chur in iúl gur geal léi gur scaoileadh EUR 3.4 billiún de chistí ón gCúnamh Téarnaimh don Chomhtháthú agus do Chríocha na hEorpa do Bhallstáit an Aontais atá ag tabhairt dídean do dhaoine a theith ó ionradh na Rúise;

21. á chur in iúl gur geal léi gur ghlac an Coimisiún an 29 Meitheamh 2022 'Cúnamh Solúbtha do Chríocha' (FAST-CARE), ar pacáiste nua é lena soláthraítear solúbthacht bhreise a bhaineann le cur chun feidhme ionstraimí an bheartais chomhtháthaithe chun cabhrú le Ballstáit an Aontais, le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus le comhpháirtithe eile aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine;

22. á iarraidh ar AE cistiú breise a chur ar fáil do na Ballstáit sin den Aontas agus don Mholdóiv arb iad na príomhphointí iontrála iad do dhídeanaithe ón Úcráin a thrasnaíonn isteach san Aontas;

23. ag tabhairt aird ar an 250 000 duine atá easáitithe ina dtír féin sa tSeoirsia nach féidir leo filleadh abhaile ar bhealach sábháilte díniteach fós, mar gheall ar fhorghabháil leanúnach na Rúise ar réigiún na hAbcáise agus réigiún Tskhinvali/na hOiséite Theas;

Athléimneacht, téarnamh agus atógáil na hÚcráine agus tacaíocht don Mholdóiv

24. á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le tuilleadh cúnaimh airgeadais láithreach ar scála ollmhór chun cabhrú le geilleagar na hÚcráine, chomh maith le geilleagar na Moldóive, chun fanacht i mbun gnó, ionas gur féidir leo cobhsaíocht fhadtéarmach níos fearr a bhaint amach; á iarraidh go mbeadh straitéis athnuaite AE ann maidir le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir ar iarrthóirí iad ar bhallraíocht AE chun an caidreamh eacnamaíoch idir AE agus a Bhallstáit agus na tíortha sin a fheabhsú tuilleadh;

25. á chur in iúl gur geal léi, ó thús chogadh foghach na Rúise, gur éirigh leis an Aontas, a Bhallstáit agus a institiúidí airgeadais suimeanna gan fasach i ndeontais agus in iasachtaí a shlógadh chun tacú le hathléimneacht fhoriomlán eacnamaíoch, shóisialta agus airgeadais na hÚcráine, i bhfoirm cúnamh macra-airgeadais, tacaíocht bhuiséadach, cúnamh éigeandála agus freagairt ar ghéarchéimeanna agus cabhair dhaonnúil;

26. á iarraidh ar AE na rialacha dlíthiúla is gá a chur chun feidhme, a luaithe is féidir, chun go bhféadfar sócmhainní calctha na Rúise a choigistiú agus chun go n-úsáidfí iad ar mhaithe leis an Úcráin a chosaint agus chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí éagsúla chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, lena n-áirítear d'atógáil agus cúiteamh na tíre do na híospartaigh;

27. á áitiú go bhfuil géarghá le tacaíocht a chur ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide na hÚcráine, d'fheirmeoirí agus don tsochaí shibhialta chun iad a choinneáil ag feidhmiú in aimsir an chogaidh; á chur i bhfios go láidir go mbeidh ról cinntitheach ag fiontair bheaga agus mheánmhéide i dtéarnamh eacnamaíoch fadtéarmach na hÚcráine;

28. á chur in iúl gur geal léi gur ghlac an tAontas, in 2022, an Ionstraim Cúnamh Macrairgeadais+, lena gcuirtear suas le EUR 18 mbilliún ar fáil don Úcráin in iasachtaí fadtéarmacha chun tacú le deisiúcháin chriticiúla ar bhonneagar iompair, amhail droichid, bóithre agus iarnróid, chomh maith le deisiúcháin ar bhonneagar criticiúil agus bardasach agus fóntais agus athshlánú saoráidí tithíochta agus bonneagair shóisialta, amhail scoileanna, naíonraí agus saoráidí cúraim sláinte;

29. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh an tAontas acmhainní a chumhachtú agus a chur ar fáil d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus do thionscnaimh phobalbhunaithe, ionas gur féidir leo rannchuidiú go fóinteach le hatógáil agus le téarnamh na hÚcráine i ndiaidh an chogaidh;

30. á iarraidh ar AE dreasachtaí a chruthú do chuideachtaí Eorpacha chun infheistíocht a dhéanamh i réigiúin atá buailte chun téarnamh eacnamaíoch, cruthú post agus atógáil a chur chun cinn i ndiaidh an chogaidh;

31. á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh na dleachtanna allmhairiúcháin uile ar onnmhairí uile na hÚcráine chuig an Aontas ar fionraí go sealadach, rud a chiallaíonn rochtain iomlán, saor ó tharaif agus saor ó chuóta do na honnmhairí sin ón 30 Bealtaine 2022, chomh maith leis na bearta frithdhumpála agus cosanta uile de chuid an Aontais atá i bhfeidhm maidir le honnmhairí cruach na hÚcráine a chur ar fionraí; á chur in iúl gur geal léi an cinneadh ón gComhairle an 25 Bealtaine 2023 na dleachtanna custaim, na cuótaí agus na bearta cosanta trádála uile maidir le honnmhairí na hÚcráine chuig an Aontas a chur ar fionraí go ceann bliana eile, go dtí mí an Mheithimh 2024;

32. ag tacú leis an togra ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2023 chun fánaíocht sonraí a ionchorprú sa Chomhaontú Comhlachais idir antAontas agus an Úcráin; á iarraidh ar an gCoiste Trádála idir an tAontas agus an Úcráin an togra sin a fhormhuiniú trí chóireáil mhargaidh aonair fhrithpháirteach a dheonú le haghaidh fánaíocht sonraí idir an Úcráin agus AE;

33. á chur in iúl gur geal léi an cinneadh ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2023 an Úcráin a chomhtháthú tuilleadh i margadh aonair AE tríd an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa a oscailt do chistiú bonneagair;

34. á mheabhrú gur leagadh béim i nDearbhú Lugano, a shínigh níos mó ná 40 tír agus institiúid idirnáisiúnta airgeadais, ar phrionsabail na bpróiseas téarnaimh agus atógála san Úcráin, eadhon comhpháirtíocht; an próiseas athchóirithe; trédhearcacht, cuntasacht agus an smacht reachta; rannpháirtíocht dhaonlathach; rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara; comhionannas inscne agus cuimsiú inscne; agus inbhuanaitheacht;

35. á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún an 20 Meitheamh 2023 maidir le Saoráid nua don Úcráin a bhunú lena ndírítear ar thacú le téarnamh, atógáil agus nuachóiriú na hÚcráine, mar ionstraim airgeadais thiomnaithe lena gcuirfear tacaíocht chomhsheasmhach intuartha agus solúbtha ar fáil don Úcráin ó 2024 go 2027;

36. á chur i bhfáth nach mór iarrachtaí atógála a bheith bunaithe ar an nuálaíocht chun tacú leis an aistriú digiteach agus leis an aistriú glas;

37. á chur i bhfios go láidir nach mór don tsochaí shibhialta a bheith rannpháirteach go dlúth ag gach céim den phróiseas atógála chun a áirithiú go mbainfear amach athchóirithe ar an smacht reachta, dí-olagarcú, an comhrac i gcoinne an éillithe agus go mbainfear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach amach;

38. á chur i bhfáth gur cheart do AE leanúint d'infheistíochtaí a dhéanamh in aistriú fuinnimh na hÚcráine, lena n-áirítear trí thionscadail ilnáisiúnta a mhaoiniú i réimse na slándála fuinnimh, chun freastal ar na riachtanais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo don bhonneagar fuinnimh;

39. á iarraidh ar Rialtas na hÚcráine leanúint d'fhéinrialtas áitiúil a neartú agus rath an athchóirithe díláraithe a leabú in ollstruchtúr foriomlán phróisis athléimneachta, téarnaimh agus atógála na hÚcráine:

40. á chur in iúl gur geal léi ról na hAsarbaiseáine maidir le slándáil fuinnimh Bhallstáit AE agus na hÚcráine araon a fheabhsú; á chur i bhfios go láidir gur gá dlús a chur leis an aistriú ó bhreoslaí iontaise go fuinneamh glas agus éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn tuilleadh; ag spreagadh na hAsarbaiseáine agus na hAirméine chun dlús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú marthanach síochána chun na coinbhleachtaí teorann atá ar feitheamh a réiteach agus chun cur leis an gcobhsaíocht, leis an gcomhar agus leis an rathúnas sa réigiún;

41. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá tacaíocht leanúnach chun acmhainneacht theicniúil a fhorbairt do thionscadail nascachta lena neartaítear an tslándáil fuinnimh idir AE agus tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, amhail tionscadal chábla fomhuirí na Seoirsia-na Rómáine ar an Muir Dhubh;

42. á iarraidh ar AE agus ar a chomhpháirtithe atá ar aon intinn leo a mbeartas smachtbhannaí i gcoinne na Rúise agus réimeas neamhdhlisteanach na Bealarúise agus a cheannaire Alexander Lukashenko a choinneáil, agus faireachán, athbheochan agus feabhsú á dhéanamh ar a éifeachtacht agus ar a thionchar;

43. á iarraidh ar údaráis Bhallstáit uile AE agus ar thíortha Chomharsanacht an Oirthir a áirithiú go ndéanfar aon teacht timpeall ar smachtbhannaí a shainaithint, a imscrúdú agus a ionchúiseamh;

44. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an trádáil leanúnach earraí atá criticiúil ó thaobh an chogaidh de idir tíortha AE agus an Rúis; á chur in iúl gur saoth léi an easpa thromchúiseach comhlíonta a bhaineann le smachtbhannaí AE ar an Rúis; ag cáineadh an chleachtais lena ndíoltar earraí ón Aontas atá faoi smachtbhannaí le cuideachtaí nó le daoine aonair ó thíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad, cé go bhfuil na hearraí fós in AE, agus lena seoltar go díreach chuig an Rúis iad ina dhiaidh sin; ag cáineadh na gcuideachtaí, lena n-áirítear iad siúd in AE, a sheachain smachtbhannaí d'aon ghnó, rud a bhaineann an bonn ó iarrachtaí AE tacú leis an Úcráin chun leanúint de bhrabúis ollmhóra a bhaint amach; á áitiú gur cheart go ndéanfaí gníomh a thagann timpeall ar bheart sriantach de chuid an Aontais, lena n-áirítear trí earraí a aistriú chuig ceann scríbe ina bhfuil srian ar a n-allmhairiú, a n-onnmhairiú, a ndíol, a gceannach, a n-aistriú nó a n-iompar, a choiriúlú ar leibhéal an Aontais; á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach don fhorfheidhmiú go ndéanfaidh an tAontas sáruithe díreacha ar smachtbhannaí, lena n-áirítear nuair a dhéantar iad le mórfhaillí, chomh maith le sáruithe indíreacha ar smachtbhannaí trí theacht timpeall ar bhearta sriantacha an Aontais, a choiriúlú go tapa;

45. á iarraidh ar AE, ar a Bhallstáit agus ar a gcomhpháirtithe atá ar aon intinn leo leanúint de thacaíocht a thabhairt don Mholdóiv agus í ag dul chun cinn ar an gconair Eorpach atá roghnaithe aici, ós rud é go bhfuil a cobhsaíocht agus a rathúnas ceangailte go díreach le hathléimneacht na hÚcráine agus le slándáil na hEorpa;

46. á iarraidh ar AE leanúint dá thacaíocht airgeadais agus pholaitiúil do thíortha eile Chomhpháirtíocht an Oirthir, lena n-áirítear an Airméin agus an Asarbaiseáin;

47. á iarraidh ar AE cúnamh a thabhairt don tSeoirsia go soiléir agus go feiceálach chun cur lena dul chun cinn breise ar a conair i dtreo ballraíocht AE;

48. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go gcuirfeadh AE cúnamh airgeadais ar fáil do shochaí shibhialta na Bealarúise, do dhaoine óga, do mhic léinn, d'fhoirne acadúla agus do ghairmithe; á iarraidh, i bhfianaise an mhéid sin, ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit na nósanna imeachta a shimpliú chun víosaí agus ceadanna cónaithe a fháil dóibh siúd atá ag teitheadh ón mBealarúis ar chúiseanna polaitiúla, chomh maith le rialacha agus nósanna imeachta a ullmhú chun déileáil le cásanna de dhaoine gan stát;

49. á áitiú nach mór oibleagáid a bheith ar an Rúis íoc as na damáistí a rinne sí agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú go mór le hiarrachtaí atógála na hÚcráine; á iarraidh go bhféachfaí ar na bealaí dlíthiúla uile, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, chun sócmhainní calctha na Rúise a úsáid chun tacú le gach réimse cúnaimh don Úcráin agus le téarnamh na hÚcráine.